BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Seachtú Dlísheomra)

30 Deireadh Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas iascaigh – Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 – Táirgí iascaigh a mheá – Airteagal 60(2) – Ceanglas maidir le tabhairt i dtír – Airteagal 61(1) – Meá i ndiaidh iompar ón áit inar tugadh i dtír iad – Áit na meá i gcás rialú – Féidearthacht na n-údarás inniúil a cheangal go ndéanfaí táirgí iascaigh a mheá ag an áit a dtugtar i dtír iad sula n-iompraítear go háit eile iad)

I gCás C-546/24,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón gCúirt Achomhairc (Éire), trí bhreith an 30 Iúil 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 13 Lúnasa 2024, sna himeachtaí idir

**PN,**

**Killybegs Fishing Enterprises Ltd.,**

**Killybegs Seafoods Unlimited,**

**Killybegs Fishermen's Organisation Ltd.**

v

**an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara,**

tugann AN CHÚIRT (an Seachtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Schalin (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, M. Gavalec agus Z. Csehi, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Béarla.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– PN, Killybegs Fishing Enterprises Ltd., Killybegs Seafoods Unlimited agus Killybegs Fishermen's Organisation Ltd., ag D. Conlan Smyth, AS, E. Sweetman, Abhcóide, agus R. McDonagh, Aturnae,

– an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, ag T. F. Creed, AS, P. McGarry, AS, D. McCarthy, Abhcóide, M.A. Cleary agus C. Derrig, Aturnaetha,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Dawes agus C. Perrin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

## Breithiúnas

1 Baineann an tarchur seo chun réamhrialú le léiriú ar Airteagal 60(2) agus (6) agus Airteagal 61(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO 2009 L 343, lch. 1, agus ceartúchán IO 2015 L 319, lch. 21), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 (IO 2015 L 133, lch. 1) ('Rialachán Uimh. 1224/2009').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir PN, máistir soithigh iascaireachta, Killybegs Fishing Enterprises Ltd. agus Killybegs Seafoods Unlimited, cuideachtaí atá gníomhach i dtionscal na hiascaireachta, agus Killybegs Fishermen's Organisation Ltd., eagraíocht ionadaíoch táirgeoirí éisc, agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (Éire) maidir le cinneadh na táirgí iascaigh arna ngabháil ag an soitheach iascaireachta sin ag an áit a dtugtar i dtír iad in Éirinn a mheá, sula n-iompraítear go háit eile iad.

## An dlí lena mbaineann

### *Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013*

3 Foráiltear le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle

agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO 2013 L 354, lch. 22), ina leagtar amach cuspóirí an chomhbheartais iascaigh (CBI):

‘Le CBI, áiritheofar go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia.’

### *Rialachán Uimh. 1224/2009*

4 Luaitear an méid seo a leanas in aithris 29 sa bhrollach a ghabhann le Rialachán Uimh. 1224/2009:

‘Chun rialú ceart ar gach gabháil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar gach táirge iascaigh a mhargú nó a chlárú ar dtús i gceant nó le ceannaitheoirí cláraithe nó eagraíochtaí táirgeoirí. Ós rud é gur cheart meáchan beacht na ngabhálacha a bheith ar eolas chun faireachán a dhéanamh ar úsáid cuótaí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar gach táirge iascaigh a mheá, mura bhfuil pleananna samplála bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann ar fáil.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 De réir Airteagal 4(18) den Rialachán sin:

‘[...] Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(18) Ciallaíonn “bainistiú riosca” rioscaí a aithint go córasach agus na bearta uile is gá chun teacht chun cinn na rioscaí sin a theorannú a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí amhail sonraí agus faisnéis a bhailiú, rioscaí a anailísiú agus a mheasúnú, bearta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, agus faireachán agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar a thorthaí, bunaithe ar fhoinsí agus straitéisí náisiúnta, de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le míreanna 1 agus 4 d’Airteagal 5 den Rialachán sin, dar teideal ‘Prionsabail ghinearálta’:

‘1. Rialóidh na Ballstáit gníomhaíochtaí a dhéanann duine nádúrtha nó dlítheanach faoin gcomhbheartas iascaigh ar a gcríoch agus in uiscí atá faoina gceannasacht nó faoina ndlínse, lena n-áirítear iascaigh, trasloingsithe, aistriú éisc chuig caighin nó saoráidí dobharshaothraithe (lena n-áirítear saoráidí ramhraithe), chomh maith le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a thabhairt i dtír, a allmhairiú, a iompar, a phróiseáil, a mhargú agus a stóráil.

[...]

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar rialú, cigireacht agus forfheidhmiú ar bhonn neamh-idirdhealaitheach maidir le hearnálacha, soithí nó daoine, agus ar bhonn bainistiú riosca.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 60(2) agus (6) den Rialachán sin, dar teideal ‘Táirgí iascaigh a mheá’:

‘2. Gan dochar d’fhorálacha sonracha, déanfar an mheá le linn theacht i dtír sula ndéanfar na táirgí iascaigh a chur i stóras, a iompar nó a dhíol.

[...]

6. Féadfaidh údaráis inniúla Bhallstáit a cheangal go ndéanfar aon chainníocht de tháirgí iascaigh a tugadh i dtír den chéad uair sa Bhallstát sin a mheá i láthair gníomhairí sula n-iomprófar iad go háit eile ón áit ar tugadh i dtír iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 61 den Rialachán sin, dar teideal ‘Táirgí iascaigh a mheá tar éis a n-iompartha ón áit ar tugadh i dtír iad’:

‘De mhaolú ar Airteagal 60(2), féadfaidh na Ballstáit meá táirgí iascaigh atá le déanamh tar éis iad a iompar ón áit ar tugadh i dtír iad a údarú, ar choinníoll go n-iompraítear na táirgí iascaigh chuig ceann scríbe laistigh de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann agus gur ghlac an Ballstát sin plean rialaithe arna fhormheas ag an gCoimisiún [Eorpach] agus bunaithe ar an modheolaíocht rioscabhunaithe arna glacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 119.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### *Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011*

9 Faoi Airteagal 79 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO 2011 L 112, lch. 1):

‘1. Déanfar gabhálacha na speiceas dá dtagraítear in Airteagal 78 den Rialachán seo a mheá láithreach ar thabhairt i dtír iad. Féadfar gabhálacha de na speicis sin a mheá, áfach, tar éis a n-iompair sna cásanna seo a leanas:

– i gcás ceann scríbe atá suite i mBallstát, tá plean rialaithe glactha ag an mBallstát lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 61(1) de Rialachán [Uimh. 1224/2009] i gcomhréir leis an modheolaíocht riosca-bhunaithe a thuairiscítear in Iarscríbhinn XXI;

[...]

agus nuair a bheidh an plean rialaithe nó an clár comhpháirteach rialaithe sin formheasta ag an gCoimisiún.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

**An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú**

10 An 11 Deireadh Fómhair 2020, sheol PN, máistir soithigh iascaireachta, atá cláraithe in Éirinn, réamhfhógra maidir le teacht isteach sa chalafort, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Uimh. 1224/2009, chuig an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, agus thug sé faisnéis dó maidir le meáchan na dtáirgí iascaigh a gabhadh. Ar theacht dó chuig áit an tabhairt i dtír, roghnaíodh an soitheach iascaireachta sin chun gabhálacha na dtáirgí sin a sheiceáil san áit sin, i gcomhréir le hAirteagal 60(6) de Rialachán Uimh. 1224/2009. Chuir an máistir i gcoinne an rialaithe sin, a raibh an baol ann, dar leis, go ndéanfaí difear do cháilíocht na dtáirgí sin, murab ionann agus an mheá a dhéantar tar éis iad a iompar ón áit ar tugadh i dtír iad, chuig an monarcha phróiseála le haghaidh na dtáirgí sin.

11 Is léir ón ordú tarchuir, roimh an tseiceáil sin, nach ndearna an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara seiceálacha ag áit an tabhairt i dtír, ach, go háirithe, tar éis iniúchadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún a léirigh go raibh neamhrialtachtaí agus ionramhálacha ann maidir le táirgí iascaigh a mheá i monarchana áirithe ina bpróiseáiltear na táirgí sin, d'fhógair an t-údarás sin go ndéanfadh sé tuilleadh cigireachtaí randamacha.

12 Thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean os comhair na hArd-Chúirte (Éire) i gcoinne chinneadh an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara na táirgí iascaigh arna ngabháil ag an soitheach iascaireachta sin a mheá ag an áit inar tugadh i dtír iad. Mar thaca lena gcaingean, mhaígh siad go bhfuil forlámhas ag an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009, lena gceadaítear táirgí iascaigh a mheá tar éis iad a iompar ón áit inar tugadh i dtír iad, ar chur i bhfeidhm Airteagal 60(6) den Rialachán sin. Le breithiúnas an 3 Samhain 2023, dhiúltaigh an chúirt sin don chaingean sin ar an bhforas, go bunúsach, cé go ndéantar táirgí iascaigh a mheá i bprionsabal tar éis iad a iompar ón áit ar tugadh i dtír iad, go gcoinníonn an t-údarás inniúil an chumhacht chun a cheangal go ndéanfar an mheá sin ag an áit ina dtugtar i dtír iad.

13 Rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Achomhairc (Éire), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, a mheasann, ar bhonn léiriú litriúil ar Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009 agus ar an gcásdlí maidir le modhanna léirithe, nach mór a n-achomhairc a dhíbhe agus amhras á chur in iúl ina leith sin.

14 Sna himthosca sin, chinn an Chúirt Achomhairc bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'I gcás inar fheidhmigh Ballstát a cheart chun maolú, de bhun Airteagal 61(1) de [Rialachán Uimh. 1224/2009], ar Airteagal 60(2) den Rialachán sin lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha [CBI] a áirithiú i gcomhréir le téarmaí plean rialaithe arna fhormheas ag an [gCoimisiún], an bhfuil cosc ar údaráis inniúla an Bhallstáit sin a éileamh go ndéanfaí aon chainníocht de tháirgí iascaigh arna dtabhairt i dtír i dtús báire sa Bhallstát sin a mheá i láthair oifigigh an údaráis sin sula ndéantar iad a iompar go háit éigin eile ón láthair inar tugadh i dtír iad i gcomhréir le forálacha Airteagal 60(6) den Rialachán sin?'

**An cheist a tharchuirtear**

15 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009 le léiriú sa chaoi, i gcás ina ndearna Ballstát foráil do mhaolú ar Airteagal 60(2) den Rialachán sin trí phlean rialaithe arna fhormheas ag an gCoimisiún a ghlacadh, nach bhféadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin a cheangal a thuilleadh, ar bhonn Airteagal 60(6) den Rialachán sin, go ndéanfaí aon chainníocht de tháirgí iascaigh a thugtar i dtír den chéad uair sa Bhallstát sin a mheá ag an áit a dtugtar i dtír í sula n-iompraítear go háit eile í.

16 De réir cásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, is gá machnamh a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht na forála sin ach freisin ar an gcomhthéacs ina bhfuil sí agus ar na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha a bhfuil sí mar chuid díobh (breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus SFPA*, C-564/20, EU:C:2022:90, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

17 Is léir freisin ón gcásdlí nach féidir le léiriú ar fhoráil de dhlí an Aontais gach éifeacht phraiticiúil a bhaint d'fhoclaíocht shoiléir agus bheacht na forála sin. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil brí forála de dhlí an Aontais soiléir óna foclaíocht féin, ní féidir leis an gCúirt imeacht ón léiriú sin (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2022, *VD agus SR*, C-339/20 agus C-397/20, EU:C:2022:703, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

18 Ar an gcéad dul síos, is léir ó Airteagal 60(2) de Rialachán Uimh. 1224/2009 go ndéanfar táirgí iascaigh a mheá nuair a thugtar i dtír iad sula ndéantar iad a chur i stóras, a iompar nó a dhíol, 'gan dochar d'fhorálacha sonracha'.

19 Foráiltear le hAirteagal 61(1) den Rialachán sin, mar fhoráil shonrach, go bhféadfaidh na Ballstáit, 'de mhaolú ar Airteagal 60(2)', údarú a thabhairt táirgí iascaigh a mheá tar éis iad a iompar ón áit inar tugadh i dtír iad, ar choinníoll go n-iompraítear na táirgí iascaigh sin chuig ceann scríbe laistigh de chríoch an Bhallstáit lena mbaineann agus go bhfuil plean rialaithe arna fhormheas ag an gCoimisiún glactha ag an mBallstát sin.

20 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur bhain Éire úsáid as an gcumhacht sin agus gur formheasadh plean rialaithe le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/474/AE ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2012 maidir le formheas, ag an gCoimisiún, pleananna samplála chun táirgí iascaigh a mheá i gcomhréir le hAirteagal 60(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus na pleananna rialaithe chun táirgí iascaigh a mheá i gcomhréir le hAirteagal 61(1) den Rialachán sin (IO 2012 L 218, lch. 17).

21 Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcuireann plean rialaithe den sórt sin cosc ar an údarás rialaithe lena mbaineann meá faoi fhaireachán a dhéanamh san áit ina dtugtar gabhálacha táirgí iascaigh i dtír, ar bhonn Airteagal 60(6) de Rialachán Uimh. 1224/2009.

22 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó fhoclaíocht Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009 nach bhféadfaidh na Ballstáit ach 'de mhaolú ar Airteagal 60(2)' de a údarú go ndéanfar táirgí iascaigh a mheá tar éis a n-iompair ón áit ar tugadh na táirgí sin i dtír.

23 De réir cásdlí socair, ní mór aon mhaolú ar riail phrionsabail a léiriú go sriantach.

24 Is léir ó fhoclaíocht aonchiallach Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009 nach dtugtar isteach leis an bhforáil sin maolú ach amháin maidir le hAirteagal 60(2) den Rialachán sin agus ní i dtaobh forálacha eile an Rialacháin sin. Ní dhéantar aon tagairt d'fhorálacha eile, amhail Airteagal 60(6) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 61(1) a léiriú sa chaoi nach maolaíonn sé ar Airteagal 60(6) agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidh an t-údarás rialaithe inniúil, faoin bhforáil dheireanach sin, a cheangal go ndéanfar táirgí iascaigh a mheá ag an gcé, fiú má tá plean rialaithe formheasta ag an gCoimisiún, de réir bhrí Airteagal 61(1) den Rialachán sin.

25 Ar an dara dul síos, tacaítear leis an léiriú litriúil ar Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009, mar a leagtar amach i míreanna 22 agus 24 den bhreithiúnas seo, le comhthéacs na forála sin agus leis na cuspóirí a shaothraítear leis an Rialachán sin, a bhfuil an fhoráil sin mar chuid de.

26 I ndáil leis sin, maidir leis an gcomhthéacs, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 5(1) agus (4) de Rialachán Uimh. 1224/2009, go rialaíonn na Ballstáit na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi CBI agus go n-áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfar rialú, cigireacht agus forfheidhmiú go háirithe ar bhonn bainistiú riosca. In Airteagal 4(18) den Rialachán sin, sainmhínítear an coincheap 'bainistiú riosca' mar 'rioscaí a aithint go córasach agus na bearta uile is gá chun teacht chun cinn na rioscaí sin a theorannú a chur i bhfeidhm' agus mar 'ghníomhaíochtaí amhail sonraí agus faisnéis a bhailiú, rioscaí a anailísiú agus a mheasúnú, bearta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, agus faireachán agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar a thorthaí, bunaithe ar fhoinsí agus straitéisí náisiúnta, de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta'. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh meá táirgí iascaigh ar thabhairt i dtír, i gcomhréir le hAirteagal 60(6) de Rialachán Uimh. 1224/2009, a bheith ina huirlis úsáideach le haghaidh measúnú riosca.

27 Maidir leis an gcuspóir a shaothraítear le Rialachán Uimh. 1224/2009, ba cheart a mheabhrú gur cuid de CBI é, a bhfuil a chuspóirí, go háirithe an cuspóir maidir le beo-acmhainní uisceacha a chaomhnú, sainithe in Airteagal 2(1) de Rialachán Uimh. 1380/2013. De réir na forála sin, is é is aidhm do CBI a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbainisteofar iad ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí chun tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach agus chun go rannchuideofar le slándáil an tsoláthair bia. De réir mar a áitíonn an Coimisiún ina bharúlacha i scríbhinn, ní fhéadfaidh na Ballstáit faireachán ceart a dhéanamh ar úsáid na gcuótaí iascaireachta ná rannchuidiú le cuspóirí CBI a leagtar amach san fhoráil sin a bhaint amach ach amháin más féidir leo a áirithiú go bhfuil faisnéis agus sonraí cruinne agus iomlána acu maidir le deiseanna iascaireachta agus, mar is léir ó aithris 29 de Rialachán Uimh. 1224/2009, maidir le meáchan beacht gabhálacha táirgí iascaigh. Chuige sin, bheadh sé contrártha leis an gcuspóir maidir le beo-acmhainní uisceacha CBI a chaomhnú mura mbeadh sé de chumhacht ag údarás inniúil Ballstáit a cheangal go ndéanfaí aon chainníocht táirgí iascaigh a thugtar i dtír den chéad uair sa Bhallstát sin a mheá i láthair oifigigh an údaráis sin sula n-iomprófar iad go háit eile ón áit ar tugadh i dtír iad, i gcomhréir le hAirteagal 60(6) de Rialachán Uimh. 1224/2009.

28 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 61(1) de Rialachán Uimh. 1224/2009 a léiriú sa chaoi, i gcás ina ndearna Ballstát foráil do mhaolú ar Airteagal 60(2) den Rialachán sin trí phlean rialaithe arna fhormheas ag an gCoimisiún a ghlacadh, go bhféadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin, mar sin féin, a cheangal, ar bhonn Airteagal 60(6) den Rialachán sin, go ndéanfar aon chainníocht de tháirgí iascaigh a thugtar i dtír den chéad uair sa Bhallstát sin a mheá ag an áit a dtugtar i dtír í sula n-iompraítear go háit eile í.

## Costais

29 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Seachtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

**Maidir le hAirteagal 61(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006,arna leasú le Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**i gcás ina bhfuil foráil déanta ag Ballstát do mhaolú ar Airteagal 60(2) den Rialachán sin trí phlean rialaithe arna fhormheas ag an gCoimisiún Eorpach a ghlacadh, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit sin, mar sin féin, a cheangal, ar bhonn Airteagal 60(6) den Rialachán sin, go ndéanfar aon chainníocht de tháirgí iascaigh a thugtar i dtír den chéad uair sa Bhallstát sin a mheá ag an áit a dtugtar i dtír iad sula n-iompraítear in áit eile iad.**

Sínithe